AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE: BREIS AISTRITHEOIRÍ LE hEARCÚ

TIONSCADAL AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE

Is mian le Foras na Gaeilge cur leis an bpainéal d'aistritheoirí cáilithe atá ar fáil chun leagan Gaeilge a sholáthar d'ábhar Béarla an fhoclóra. Pacáistí oibre ar conradh atá i gceist.

Is iad seo a leanas na príomhthascanna a bheidh i gceist:

- Leagan(acha) Gaeilge a sholáthar d'ábhar Béarla an fhoclóra de réir na dtreoracha teanga agus gramadaí a shainítear i dTreoir Stíle an Fhoclóra
- An t-ábhar Gaeilge sin a chlárú ag úsáid an fheidhmchláir DPS (an Córas Scríofa Foclóra) agus de réir na dtreoracha próisis a shainítear i dTreoir Stíle an Fhoclóra

Cuirfear oiliúint chuí ar na haistritheoirí a n-éireoidh leo sa chomórtas earcaíochta seo.

Critéir Riachtanacha

- Ardlíofacht sa Ghaeilge
- Saineolas ar cheann amháin nó níos mó de mhórchanúintí na Gaeilge
- Ardchruinneas scríofa sa Ghaeilge
- Ardtuiscint ar ghramadach na Gaeilge agus ar an gCaighdeán Oifigiúil
- Taithí i réimse an aistriúcháin
- Ardtuiscint ar an téarmaíocht oifigiúil
- Scileanna ríomhaireachta

Critéir Inmhianaithe

- Eolas ar réimse na foclóireachta
- Eolas ar fheidhmchláir scríofa foclóra
- Gaeilge na Gaeltachta ó dhúchas
- Taithí ar fhoireann a stiúradh
- Cáilíocht bhreise a bhaineann le sainchúraimí na hoibre, m.sh. an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí
- Freastal déanta ar cheann de na cúrsaí oiliúna san fhoclóireacht dhátheangach a reáchtáil Foras na Gaeilge cheana féin

Más spéis leat bheith ar an bpainéal seo, ní mór duit iarratas a sheoladh chugainn. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ar **www.focloir.ie**

SPRIOCDHÁTA DO NA hIARRATAIS: Ba chóir go mbeadh na foirmeacha comhlánaithe istigh faoi 5.00 p.m. **Dé Céadaoin 12 Bealtaine, 2010**.

Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas. Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above panel.

Foras na Gaeilge

BREIS EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

www.focloir.ie • poist@forasnagaeilge.ie • T: +353 1 639 8434